

LÁ FHÉILE MÁRTAIN.

11 lá de mhí na Samhna

Naoi n-oidhche agus oidhche gan áireamh ó oidhche Shamhna go hoidhche 'éil Mártain.

Agus lá fhéile Cáillín athrú i mbárach.

(Tá lá idir an dá fhéile)

Sé seachtaine go díreach ó lá fhéile Caillín go lá Nodlag. An lá céadna den tseachtain a bhíos lá fhéile Caillín agus lá Nodlag. An 11adh lá agus tá sin cinnte. Lá fhéile Mártain (oidhche gan áireamh, oidhche nach bhfuil sa gcomhaireamh).

Saighdiúir a bhí i naomh Mártán.

Ní déantar breach-shaoire do lá fhéile Mártain i nIorras Aithneach.

Is ceart éan nó caora nó beithidheach a mharbhú do Mhártan. Tá sé de ghnás sa tír é a dhéanamh. Marbhuighthear an beidhtheach nó an t-éan an oidhche roimhe an lá. Chuiridís cora céasta den fhuil ar a mbaithis chuile dhuine sa teach. Ní raibh aon áit áirthid leis an éan nó an beithidheacht a mharbhú. Ghnídís úsaid den fhuil le putóg a dhéanamh.

Is iondamhail go n-abruighidís in ainm an Athair, ann Mhic is an Spioraid Naoimh nuair a chuiridís an cora céasta ar a mbaithis.

Bhí sé ráidthe nach raibh an naomh sásta glacadh leis an ómós mara ndéantaoi oidhche fhéile Mártain é nó roimhe sin.

Is saighdiúir a bhí i naomh Mártan agus is le omóis a thabhairt dó a bhíos an fhuil dá tarraingt.

An té nach mbeadh an t-éan aige le mharbhú, do naomh Pádhraic ghabhfadh sé amach agus cheannóidh sé éan, más fada gearr a bheadh sé dá iarraidh.

Ithtear an t-éan nó an beithidheach nó cuid de an oidhche céadna.

Chuala Pádhraic Mac Donnchadha go raibh naomh Mártan ina mhuilleoir.

Bhíodh an-tóir ar choileach Mhártain fadó. Deirtear "coileach Mhártain", le coileach a leigtar amach sa Marta.

Coileach agus cearc a leigtear amach sa Márta agus coileach agus cearc uathab sin an dara bliain agus coileach ón dara péire sin é an coileach Mhártain. Duine ar bith a mbeadh an coileach Mártain sa teach aige nior bhaoghal dó na sidheoga.

Tá Máirtíní tréan, go maith, sa tír.

"A Mhártain", adeir cuid de na daoine, le fear. Máirtín tugtar ar fhear go minic.

Ní bhíodh mná sásta rotha an túirne a chasadh, lá fhéile Mártain. Ní bhíodh aon fhonn ortha a dhéanamh.

Bhí Mártain ar gach sloinneadh, bunáite sa tír seo.

Deir Tomás Mac Con Iomaire nach coileach Mártain is ceart ach, coileach Márta agus nach bhfuil aon bhaint ag an dá fhocal le chéile. Níor chuala Tomás ná Pádhraic mac Con Iomaire aon fhocal fá tharbh Mhártain na capall Mhártain.

Níor chuala said aon gheis a bheith ar obair lá fhéile Mártain ces moite do mhná tighe nár mhaith leob rotha a chasadh an lá sin mar gheall ar Mhártain a bheith ina mhuilleoir.

Tugtar “Mártín Gágach” ar ghasúr a mbíonn éirigheacha ar a chosa i mí Márta.

Seosamh O Mongáin T.D.,

Tomás Mac Con Iomaire,

Pádraic Mac Donnchadha (Liam) a d’innis an méid sin. Lá fhéile Martain ’39

Bhí bád a’druidim isteach le oileán Mhic Dara agus tháinig gála ortha go tobann. Bhlaoidh fear acab ar Cháillín.

“Shoraidh dhíot agus do Cháillín” adubhairt fear eile, “Mac Dara an fear nár chlis ariamh ar an mbadóir”, agus tháinig said sa bhfasgadh.

Tá fasgadh taobh eicínt de Oileán Mhic Dara chuile lá sa mbliain, dá dhonacht dá mbeadh an lá.

Mac Phaitsín Shiosaile

Seanfhear dh’athair mór a bhí agam.

Is deacair é fágáil faoi sheol In good form, going